

Clódóirí Lurgan Teo.

Coill Rua, Indreabhán, Co na Gaillimhe.
Fón: 091 593251 Faics: 091 593157

• CLÓDÓIRÍ NA GAELTACHTA •

Leabhra

Foirmeacha

Cláranna

Leabhra NCR

Póstaeirí

Nuachtlitreacha

Cártaí Gnó

Stáisineoireacht

Tuairiscáil

Billeoga Aifrin

GACH CINEÁL CLÓDÓIREACHT & CEANGAL LEABHAR

Cuir Glaoch Orainn

BISEACH NA SEANSCOILE

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

Márta 2000

MISE

Gluaisim ar ais bóithrín na smaointe a deir ceann de mo chuid daltaí cuid mhaithe de chéad bliain ó shin. Tar liom ar thuras isteach agus amach mo dhóirse. Seanscoil Sailearna an t-ainm atá orm. Nach iomaí scéal atá sna seanbhallaí seo agam, cuid acu gur fearr a fhágáil gan inseacht is dóigh liom, chomh maith le amhráin, dánta, filíocht, seanfhocla, saothar na mílte gasúr agus a gcuid múinteoirí freisin. Is iomaí droch lá, oíche bhreá, fada is gearr feicthe agam le beagnach céad go leith bliain agus mé ar an dé deiridh nuair a tháinig biseach orm. Féach inniú mé, i mo bheatha, mo cheann in airde agus mé go bródúil, airím an óige i mo chuisle in ath-uair. Feasta beidh mé ag freastal ar an bpobal áitiúil, sean is óg, ar bhealaí eile agus tá súil agam go ndéanfaidh sin ar feadh céad go leith bliain eile agus tuilleadh le na chois sin. Is breá an rud é 'bheith beo arís' mar deir John Beag san amhrán nó a bheith i dTír na nÓg.

*Mise,
Seanscoil Sailearna, Aille, Indreabhán.*

SMAOINEAMH

Tá an iris seo Biseach na Seanscoile, curtha i dtoll a chéile i gcuimhne na mbuachaillí agus na gcailíní, na múinteoirí, tuismitheoirí agus cairde, iad siúd ar fad ar chuid de shaol is de shliocht na seanscoile seo iad. Cúis áthais ar leith dúinne é gur éirigh linn í a shábháil ní fearacht cuid mór de sheanscoileanna na tíre seo é, óir tá an scoil ar cheann de na hInstitiúidí is tábhachtaí agus is stairiúla in aon pharáiste sa tír.

Go maire tú is go gcaithfidh tú do chulaith nua a Sheanscoil Sailearna. Go gcasfar ar a chéile ar fad muid i gclos scoile an tsaoil eile agus déarfadh an tArd Mháistir "Chuile Dhuine i láthair". Go dtí sin go n-éirí an saol libh.

Breandán

Altanna san eagrán seo . . .

Scoil Sailearna 5
Breandán Ó Tuairisg

Cláir an Dá Mhíle 8

An tSeanscoil - Inné & Inniú 13
Peadar Mac an Iomaire

Seanscoil Sailearna 16

Micheál Breathnach 18
Ruaidhrí Ó Tuairisg

Saol an Duine 24
Meairt Churraoin

Stair Chois Fharraige 27
Lochlaimh Ó Tuairisg

An Baile Thíos 30
Cóil Uilic Ó Coisdealbha

Fir an Iarthair 33
Tom Pheaidí Mac Diarmada

Cion 35
Ruaidhrí Ó Tuathail

Tháinig an Bás 36
Learaí Ó Finneadhá

Saol Scolóige 38
Seán Ó Conghaile

Scéalaí Trí Shúile Bailitheora 39
Pádraic Ó Héalaí

Seanbhaitisiléir ag faire ar bhean 44

"Bíodh discós ann!" 48
Donncha Ó hÉallaithe

Beannú Sheanscoil an Chnoic 50

Pictiúr ar an gclúdach tosaigh le Seosamh Ó Braonáin

Dearadh & Priondáil:

CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Fón: (091) 593251 Faics: (091) 593159